An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán: 0057/2022

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna

SOCRUITHE DO RANNPHÁIRTÍOCHT NA CIGIREACHTA LE BUNSCOILEANNA AGUS LE SCOILEANNA SPEISIALTA

Meán Fómhair go Nollaig 2022

ACHOIMRE

Sa chiorclán seo:

- Tá eolas ar fáil faoin obair chomhairleach, meastóireachta agus taighde atá pleanáilte ag an gCigireacht i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta ó Mheán Fómhair go Nollaig 2022
- Tá eolas ar fáil faoi obair na Cigireachta maidir le tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gnásanna frithbhulaíochta i scoileanna
- Tá na socruithe don fhéinmheastóireacht scoile (FMS) don scoilbhliain 2022/23 soiléirithe
- Tagann sé seo in áit Chiorclán 0029/2022.

Réamhrá

Tá an Chigireacht an-tiomanta don mheastóireacht ar obair scoileanna agus do chomhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna ar bhealach comhoibríoch agus measúil. Tá sé mar phríomhfhócas an tsoláthair oideachais is fearr is féidir a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga.

Tá sé i gceist go gcuirfeadh an ciorclán eolas ar fáil do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus dóibh siúd atá gafa le bainistíocht scoileanna faoi raon gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an gCigireacht a bheith páirteach iontu agus í ag obair le scoileanna le linn na scoilbhliana 2022/23.

Tá an Chigireacht ag tnúth le leanúint lena tacaíocht d'obair scoileanna sa scoilbhliain 2022/23. Leanfaidh sí lena clár cigireachta a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe trí chur leis na gníomhaíochtaí cigireachta reatha ionas go mbeidh fáil ar raon cineálacha cigireachta níos fairsinge. Leanfaidh an Chigireacht ag cur comhairle agus tacaíochta ar fáil do scoileanna.

An obair mheastóireachta agus chomhairleach atá pleanáilte ag an gCigireacht i scoileanna

Meán Fómhair go Nollaig 2022

Ó Mheán Fómhair 2022, beidh siad seo a leanas mar chuid den chlár cigireachta:

- **Cigireachtaí teagmhasacha** a dhéantar i gcomhthéacs ghnáthobair na scoile agus a bhíonn de ghnáth mar chuairteanna cigireachta agus rannpháirtíochta aon lae gan réamhfhógra ina mbíonn deiseanna do phlé gairmiúil idir pearsanra na scoile agus cigirí

- **Meastóireachtaí curaclaim** a dhíríonn ar mheastóireacht ar ábhair ar leith i Curaclam na Bunscoile (1999) agus Curaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum (2019)

- **Cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí (CCCL)** a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017 na Roinne i gcomhlíonadh oibleagáidí an Aire faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*

- **Meastóireachtaí ar sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu** ina mbreathnaítear go mion ar cháilíocht an tsoláthair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- **Cigireachtaí tosaíochta** i líon beag scoileanna de réir mar is gá. Beidh an tsamhail a úsáidtear sna cigireachtaí seo ag brath ar chomhthéacs áirithe na scoile

- Críoch a chur le cigireachtaí a thosaigh sa scoilbhliain 2021/2022

- **Cuairteanna comhairleacha agus gníomhaíochtaí eile** lena n-áirítear cuairteanna comhairleacha maidir le féinmheastóireacht scoile, cuairteanna ar scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Ó mhí na Samhna 2022, beidh meastóireachtaí ar an soláthar in Aonaid Chúraim Speisialta mar chuid den chlár cigireachta.

Ó mhí Eanáir 2023

Ó mhí Eanáir 2023, cuirfear tús athuair le gach cineál cigireachta eile lena n-áirítear meastóireachtaí scoile-uile agus meastóireachtaí ar phleanáil gníomhaíochta Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).

Coinneofar an clár cigireachta faoi athbhreithniú i bhfianaise sláinte poiblí COVID-19.

Monatóireacht ar fhrithbhulaíocht

Ó Mheán Fómhair 2022, leanfaidh an Chigireacht ag déanamh monatóireachta agus ag tuairisciú ar a mhéid atá scoileanna ag cur na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile (2013) i bhfeidhm i ngach cineál cigireachta. Le linn cigireachtaí teagmhasacha, meastóireachtaí curaclaim, meastóireachtaí ar an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus meastóireachtaí leantacha, déanfar monatóireacht ar na **trí ghné** seo a leanas de na *Gnásanna Frithbhulaíochta:*

- Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil a shásaíonn na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile (2013)*, agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil.

- Tá taifead i miontuairiscí an bhoird bainistíochta go gcuireann an príomhoide tuairisc ar fáil don bhord ar a laghad uair sa téarma ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (tríd an teimpléad taifeadta bulaíochta atá ar fáil sna Gnásanna) ó cuireadh an tuairisc roimhe sin ar fáil don bhord.

- Tá polasaí frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí/scoláirí.

Tá **dhá ghné breise** a ndéanfar monatóireacht orthu le linn meastóireachtaí ar an soláthar in Aonaid Chúraim Speisialta, agus le linn meastóireachtaí scoile-uile agus meastóireachtaí DEIS freisin nuair a atosaíonn na cigireachtaí seo in 2023:

- Tá tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr agus timpeallacht scoile dearfach agus uilechuimsitheach a chothú

- Tuairiscíonn na múinteoirí ar fad ar tugadh cuairt orthu go bhfuil polasaí frithbhulaíochta na scoile léite acu agus go bhfuil siad feasach ar a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Beidh tráchtaireacht i ngach tuairisc chigireachta ar a mhéid atá an scoil ag comhlíonadh na riachtanas seo.

Tuarascálacha téamacha

D'fhoilsigh an Chigireacht dhá thuarascáil le déanaí ar ghníomhartha a ghlac scoileanna chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Is iad sin:

- *Tuairisc ar chur chun feidhme gnéithe de bhearta frithbhulaíochta i scoileanna (Bealtaine 2022)* ar fáil anseo
- *Gníomhartha curtha i bhfeidhm ag scoileanna d'fhonn bulaíocht a chosc: Tuairisc ar fhócasghrúpaí le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile (Meitheamh 2022)* ar fáil anseo.

Tá tuarascáil á ullmhú ag an gCigireacht ar thorthaí na gcigireachtaí teagmhasacha agus na meastóireachtaí curaclaim a rinneadh le linn mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2022. Foilseofar an tuarascáil seo sa bhfómhar 2022.

Sa tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2022, déanfar taighde ar shampla cigireachtaí teagmhasacha agus meastóireachtaí curaclaim i réimsí ar nós Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Cruthaitheacht sa Teagasc agus san Fhoghlaim. Foilseofar tuarascálacha ar an taighde seo in 2023.

Féinmheastóireacht scoile

An tríú céim den FMS: 2022-2026

Tosóidh an tríú timthriall den FMS, a bhí le tosú i mí Mheán Fómhair 2021, i mí Mheán Fómhair 2022. Tá na socruithe don timthriall seo agus na tacaíochtaí do scoileanna leagtha amach i *Féinmheastóireacht scoile: Na chéad chéimeanna eile, 2022-2026, ina n-áirítear Ciorclán 0056/2022 do Bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna* atá ar fáil anseo ar www.gov.ie. Cuireann an doiciméad comhairle ar fáil faoin gcaoi inar féidir le scoileanna FMS a fhorbairt agus a úsáid sna blianta amach romhainn ar bhealach a chinntíonn gur féidir spriocanna scoile agus córais maidir le cothromas, cuimsiú, teagasc, foghlaim agus folláine a bhaint amach.

Cuairteanna comhairleacha FMS

Leanfaidh an Chigireacht ag cur cuairteanna comhairleacha ar fáil don fhéinmheastóireacht scoile (FMS) sa téarma Meán Fómhair go Nollaig 2022 mar cheann de raon tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna. Is féidir le scoileanna iarratas a

dhéanamh ar sheisiún comhairleach trí ríomhphost a chur chuig SSE@education.gov.ie. Agus iad ag ullmhú dá seisiún comhairleach, ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh ar an obair FMS atá déanta acu go dtí seo agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi inar mhaith leo go ndéanfadh an seisiún comhairleach a rannpháirtíocht san FMS a chur chun cinn. Déanfar seisiúin chomhairleacha a chur in oiriúint do gach scoil ar leith.

Tá sonraí faoi thacaíochtaí eile don FMS ar fáil i *Féinmheastóireacht scoile: Na chéad chéimeanna eile, 2022-2026, ina n-áirítear Ciorclán 0056/2022 do Bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Iar-Bhunscoileanna* atá ar fáil anseo ar www.gov.ie .

Foilseacháin nuashonraithe na Cigireachta

I gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, tá roinnt doiciméad nuashonraithe ag an gCigireacht a thugann eolas agus tacaíocht do chigireachtaí agus a chuireann tiomantais na Cigireachta in iúl faoin gcaoi ina ndéanann sí a cuid oibre:

- *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* ina dtugtar forléargas ar an raon gníomhaíochtaí cigireachta a dhéantar i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie .
- An *Cód Cleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais* (2022) ina leagtar amach na prionsabail agus na caighdeáin ghinearálta lena ndéanann an Chigireacht a cuid oibre. Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie
- *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireachtaí a rinne an Roinn Oideachais faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998* ina leagtar amach na céimeanna is féidir le múinteoir nó le bord bainistíochta scoile nó áis oideachais agus oiliúna eile a ghlacadh maidir le cigireacht a athbhreithniú. Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie .

Tacaíochtaí chun rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/ caomhnóirí i gcigireachtaí a chur chun cinn

Tá sraith nua acmhainní faoi chigireacht, atá deartha do leanaí, do dhaoine óga agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fáil anseo ar www.gov.ie . I measc na n-acmhainní, tá físeáin bheoite, r-bhileoga agus r-leabhrán a thacóidh le rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí sa phróiseas cigireachta.

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie

Lúnasa 2022